Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

An Oifig Achomharc Talmaíochta
Agriculture Appeals Office

# An Oifig Achomharc Talmhaíochta

## Tuarascáil Bhliantúil 2024



## Don Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara

Leis seo, cuirim Tuarascáil Bhliantúil na hOifige Achomhairc Talmhaíochta i láthair, de bhun fhorálacha Alt 14(1) den Acht um Achomhairc Talmhaíochta, 2001 (arna leasú). Is í seo an 23ú Tuarascáil Bhliantúil a cuireadh isteach i ndáil le hobair na hOifige Achomhairc Talmhaíochta ó bunaíodh í in 2002.

***Lynda O'Regan***
*Stiúrthóir Achomhairc Talmhaíochta*
*23 Meitheamh 2025*

*An Oifig Achomhairc Talmhaíochta*
*Cúirt Choill Mhinsí*
*Port Laoise*
*Co Laoise*
*R32 DTW5*

*Teil:* *057 86 31900*
*Ríomhphost:* *appeals@agriappeals.gov.ie*
*Suíomh gréasáin:* *www.psi.ie*

Tá an Tuarascáil seo ar fáil i mBéarla chomh maith.
This report is also available in English.

# Clár na nÁbhar


| | |
|---|---|
| Réamhrá | 3 |
| 2024 Forléargas | 4 |
| Forbhreathnú ar an Oifig Achomhairc Talmhaíochta | 5 |
| An Próiseas Achomhairc Talmhaíochta | 6 |
| Céimeanna Achomhairc | 7 |
| Torthaí Féideartha ar Achomhairc | 9 |
| Staitisticí 2024 | 10 |
| Iarratais ar Fhaisnéis | 18 |
| Gníomhaíochtaí Eile a Bhaineann le hAchomharc | 19 |
| Samplaí d’Achomhairc a Cinneadh le linn 2024 | 20 |
| Moltaí le Breithniú ag an Roinn | 29 |
| Moltaí le Breithniú ag Iarratasóirí Scéime | 33 |
| Aguisín A: Cairt Eagrúcháin na hOifige Achomhairc Talmhaíochta | 37 |
| Aguisín B: Reachtaíocht Rialaitheach | 38 |

# Réamhrá

Is cúis áthais dúinn í Tuarascáil Bhliantúil 2024 den Oifig Achomhairc Talmhaíochta a chur i láthair. Chomh maith lena príomhfheidhm a chomhlíonadh maidir le tuairisciú don Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara ar ghníomhaíochtaí na hOifige, táthar ag súil go soláthróidh an Tuarascáil faisnéis fhóinteach do gach duine a bhfuil baint acu leis an bpróiseas achomhairc agus don phobal feirmeoireachta i gcoitinne.

Is í príomhfheidhm na hOifige Achomhairc Talmhaíochta seirbhís achomhairc chóir agus éifeachtach a sholáthar do rannpháirtithe i Scéimeanna arna riar ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara. Cuireann an Oifig tacaíocht riaracháin agus rúnaíochta ar fáil don Choiste um Achomhairc Foraoiseachta (FAC) agus, ina theannta sin, feidhmíonn beirt Oifigeach Achomhairc Talmhaíochta mar bhaill de FAC chomh maith. Cuireann an Oifig tacaíocht ar fáil chomh maith don Bhord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe (ALAB) ina fheidhm chinnteoireachta neamhspleách trí fhoireann Rúnaíocht ALAB.

Tharla roinnt forbairtí suntasacha in 2024 a bhain le feidhmiú na hOifige Achomhairc Talmhaíochta.

Tar éis próiseas fada, rith an tOireachtas an tAcht um Achomhairc Talmhaíochta (Leasú) agus shínigh an tUachtarán ina dhlí é ar an 29 Deireadh Fómhair 2024. Beartaíodh ar dtús é i gClár an Rialtais (2020), agus is í príomhfheidhm an Achta ná Painéal Athbhreithnithe Achomhairc Talmhaíochta a bhunú chun críche athbhreithnithe a dhéanamh ar chinntí arna ndéanamh ag Oifigigh Achomhairc, ról atá á chomhlíonadh ag Stiúrthóir na hOifige faoi láthair. Tá obair ar siúl ar Rialachán a ullmhú ina leagfar síos nósanna imeachta maidir le feidhmiú an Phainéil Athbhreithniúcháin. Ansin cuirfidh an tAire an tAcht i bhfeidhm agus déanfaidh sé ceapacháin.

Leanadh le nuachóiriú na hOifige i rith na bliana. Baineadh úsáid shuntasach as an tsaoráid chun achomhairc a chur isteach trí chóras ar líne, córas a tugadh isteach in 2023. Cuireadh 137 achomharc isteach ar an mbealach sin i rith na bliana. Ar an gcaoi chéanna, tháinig méadú ar úsáid na saoráide chun éisteachtaí ar líne a reáchtáil agus tionóladh 26 éisteacht den sórt sin. Cuireann an dá shaoráid le héifeachtúlacht na hOifige agus le cáilíocht na seirbhíse a chuirtear ar fáil d'achomharcóirí. Ina theannta sin, rinneadh dul chun cinn suntasach ar fhorbairt córais TF inmheánaigh agus meastar go mbeidh sé ar fáil don fhoireann inmheánach faoi 2025.

Tháinig laghdú ar líon na n-achomharc a fuair an Oifig i rith na bliana ó 624 in 2023 go 483 in 2024. I gcomparáid leis an meánmhéid deich mbliana de 630, is ionann é agus laghdú 23%. Cé go bhféadfadh go leor gnéithe a bheith ina gcúis leis an laghdú seo, ní mór aitheantas a thabhairt don chóras iarratais BISS a ligeann d'earráidí in iarratais ar líne a aithint go luath agus a thugann tréimhse chairde chun na hearráidí sin a cheartú.

Bhí líon na n-achomharc a tugadh chun críche i rith na bliana (636) ar aon dul le líon na n-achomharc a dúnadh in 2023 agus os cionn an mheáin deich mbliana a bhí 628. Ba é 73 lá an meán-am a thóg sé chun achomharc a dhúnadh in 2024, feabhas ar an mbliain roimhe sin.

Ní bheadh próiseáil na n-achomharc agus na forbairtí eile a tharla i rith na bliana tar éis tarlú gan díograis fhoireann uile Oifig na nAchomharc Talmhaíochta. Tugaimid aitheantas dá dtiomantas do luachanna na neamhspleáchais, na hionracais agus na gairmiúlachta. Ba mhaith linn aitheantas a thabhairt chomh maith d'obair na ndaoine a d'fhág an Oifig ar scor nó mar gheall ar ardú céime in 2024 agus gabhaimid buíochas ó chroí leo. Go speisialta, ba mhaith linn aird a tharraingt ar obair Pat Coman, ár Leas-Stiúrthóir, a chuaigh ar scor i mí an Mheithimh 2024 tar éis sheirbhís 23 bliana a thabhairt san Oifig. Chuir a dhoimhneacht eolais agus saineolais go mór le forbairt obair na hOifige i rith na mblianta sin.

| Lynda O'Regan | Siobhán Casey |
|---|---|
| Stiúrthóir | Leas-Stiúrthóir |

# 2024 Forléargas

**309**

**LÍON NA nÉISTEACHTAÍ Ó BHÉAL PEARSANTA A REÁCHTÁLADH**

**26**

**LÍON NA nÉISTEACHTAÍ Ó BHÉAL CIANDA A REÁCHTÁLADH**

**MÉADÚ 160% AR 2023**

**204%**

**MÉADÚ AR ACHOMHAIRC A CUIREADH ISTEACH TRÍD AN tSAORÁID AR LÍNE**

**73 LÁ**

**AR AN MEÁN CHUN ACHOMHAIRC A DHÚNADH.**

**FEABHSÚ 35% AR AN mBLIAIN ROIMHE SEO**

**43%**

**LÍON NA nACHOMHARC A CEADAÍODH, A CEADAÍODH GO PÁIRTEACH NÓ A ATHBHREITHNÍODH IN 2024**

# Forbhreathnú ar an Oifig Achomhairc Talmhaíochta

### Seirbhísí achomhairc arna soláthar ag an Oifig Achomhairc Talmhaíochta

Bunaíodh an Oifig Achomhairc Talmhaíochta in 2002 de bhun an Achta um Achomhairc Talmhaíochta, 2001, arna leasú (an tAcht). Leagtar síos sna Rialacháin um Achomhairc Talmhaíochta, 2002 feidhmeanna neamhspleácha an Stiúrthóra agus na nOifigeach Achomhairc agus na cinntí scéime a d'fhéadfaí a achomharc chuig an Stiúrthóir. Tá liosta de scéimeanna arna riar ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (an Roinn) san áireamh i Sceideal 1 den Acht. Féadfaidh feirmeoirí atá míshásta le cinntí na Roinne maidir lena dteidlíochtaí faoi na scéimeanna atá liostaithe i Sceideal 1 den Acht achomharc a chur faoi bhráid an Stiúrthóra. Agus cinneadh á dhéanamh ar achomharc, ní mór d'Oifigeach Achomhairc cloí le Téarmaí agus Coinníollacha na Scéime agus le haon reachtaíocht ábhartha. Ba chóir do dhuine atá ag déanamh achomhairc chuig an Oifig Achomhairc Talmhaíochta a chinntiú go bhfuil an t-ábhar faoi údarás Oifigigh Achomhairc.

In 2017, leasaíodh an tAcht um Achomhairc Talmhaíochta, 2001, chun achomhairc a chur san áireamh i gcoinne chinntí na Roinne maidir le hiarratais ar cheadúnas foraoiseachta. In 2018, bhunaigh an tAire an Coiste Achomhairc Foraoiseachta (FAC) chun achomhairc den sórt sin a bhreithniú. Tá Cathaoirleach neamhspleách ina chathaoirleach ar FAC agus is éard atá ann ná roinnt comhaltaí seachtracha, a gceaptar cuid acu mar Leas-Chathaoirligh, agus le linn 2023 d'oibrigh beirt Oifigeach Achomhairc mar chomhaltaí den FAC chomh maith. Tá FAC neamhspleách ina fheidhm. Cuireann an Oifig Achomhairc tacaíocht riaracháin agus rúnaíochta ar fáil don FAC agus don Bhord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe (ALAB).

### Ráiteas Misin na hOifige Achomhairc Talmhaíochta

Is é seo a leanas ráiteas misin na hOifige:

***"Seirbhís achomhairc talmhaíochta, neamhspleách, inrochtana, cóir, éifeachtúla agus tráthúil a sholáthar d'iarratasóirí scéime a dhéanann achomharc i gcoinne cinntí a eisíodh faoi scéimeanna ainmnithe na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara, agus chun tacú le seachadadh, trí bhallraíocht agus tacaíocht riaracháin, don Choiste Achomhairc Foraoiseachta agus Oifig Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe, seirbhís achomhairc le haghaidh cinntí arna n-eisiúint ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara maidir le ceadúnais foraoiseachta agus ceadúnais dobharshaothraithe, agus na seirbhísí sin a sheachadadh ar bhealach cúirtéiseach."***

### Lámhleabhar Nósanna Imeachta

Faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 2014, tá oibleagáid dhlíthiúil ar an Oifig Achomhairc Talmhaíochta Lámhleabhar Nósanna Imeachta a ullmhú ina leagtar amach na nósanna imeachta atá le leanúint ag an Oifig.

Is féidir teacht ar na Lámhleabhair Nósanna Imeachta maidir le hAchomhairc Talmhaíochta ar an suíomh gréasáin, www.agriappeals.gov.ie

# An Próiseas Achomhairc Talmhaíochta



# Céimeanna Achomhairc

## 1. Achomharc a Chur Isteach

Sula gcuirtear achomharc isteach, ní mór d'iarratasóirí Athbhreithniú Inmheánach ar chinneadh na Roinne a lorg ar dtús. Mura n-éiríonn leis seo, tá **trí mhí** ag iarratasóirí ó dháta chinneadh Athbhreithnithe na Roinne achomharc a chur isteach chuig an Oifig Achomhairc Talmhaíochta. Ní féidir leis an Stiúrthóir glacadh le hachomharc a fhaightear tar éis trí mhí ach amháin má bhíonn cúinsí eisceachtúla ann a ba chúis leis an moill a bhain leis an achomharc a chur isteach.

Ní mór d'iarratasóirí scéime Foirm um Fhógra Achomhairc a chomhlánú agus í a chur faoi bhráid an Stiúrthóra Achomhairc Talmhaíochta mar aon le cóip de chinneadh na Roinne atá faoi achomharc. Ní mór do chinneadh na Roinne atá faoi achomharc a bheith bainteach le scéim atá liostaithe i Sceideal 1 den Acht um Achomhairc Talmhaíochta, 2001.1, arna leasú.

Tá trí rogha ann chun Foirm um Fhógra Achomhairc a chur isteach:

i. **Áis ar líne:** Is féidir an Fhoirm um Fhógra Achomhairc a chur isteach ar líne, mar aon le cóip de chinneadh na Roinne agus aon doiciméad gaolmhar ag: **www.agriappeals.gov.ie**

ii. **Ríomhphost:** Is féidir an Fhoirm um Fhógra Achomhairc a íoslódáil, a chomhlánú, a shíniú agus a sheoladh, mar aon le cóip de chinneadh na Roinne agus aon doiciméad gaolmhar, chuig **www.agriappeals.gov.ie**

iii. **Post:** Is féidir an Fhoirm um Fhógra Achomhairc a phriontáil, a chomhlánú, a shíniú , agus a sheoladh, mar aon le cóip de chinneadh na Roinne agus aon doiciméad gaolmhar, chuig:

***An Oifig Achomhairc Talmhaíochta***
*Cúirt Choill*
*Mhinsí*
*Co Laoise*
*R32DTW5*

## 2. Achomharc a Phróiseáil

Déantar achomhairc a sheiceáil ar a bhfáil chun a mbailíocht a dheimhniú.

Ar achomharc a fháil, seolann an Oifig Achomhairc Talmhaíochta forais achomhairc an achomharcóra chuig an Roinn, mar aon le hiarratas ar aon doiciméid ábhartha agus ráiteas ina bhfreagraítear forais an achomharcóra. Nuair a fhaightear comhad agus ráiteas na Roinne, sannann an Stiúrthóir an cás d'Oifigeach Achomhairc lena bhreithniú agus lena chinneadh.

Cuirtear ráiteas na Roinne ar fhorais achomhairc an achomharcóra ar aghaidh chuig an achomharcóir ina dhiaidh sin.

## 3. Éisteacht ó Bhéal

Féadfaidh achomharcóirí rogha a dhéanamh éisteacht ó bhéal a fháil maidir lena n-achomharc, agus cuirtear an Oifig ar an eolas faoi seo ar an bhFoirm um Fhógra Achomhairc. I gcás nach n-iarrann achomharcóir éisteacht ó bhéal, féadfaidh Oifigeach Achomhairc cinneadh a dhéanamh ceann a reáchtáil i gcás ina bhfuil gá, i dtuairim an Oifigigh Achomhairc, le héisteacht ó bhéal. Is iad seo a leanas príomhghnéithe na héisteachta ó bhéal:

- is cruinniú príobháideach agus neamhfhoirmiúil iad,
- bíonn an t-achomharcóir i láthair agus féadfaidh sé ionadaithe a thabhairt leis,
- déantar ionadaíocht ann ar an Roinn.

## 4. An Cinneadh

Breithníonn an tOifigeach Achomhairc an fhianaise uile ón Roinn agus ón achomharcóir araon, lena n-áirítear aon fhianaise a chuirtear i láthair ag éisteacht ó bhéal, má bhíonn ceann ar siúl. Déanann an tOifigeach Achomhairc

1. Rialacháin an Achta um Achomhairc Talmhaíochta 2001 (Leasú ar an Sceideal) 2024

cinneadh ar an achomharc agus cuireann sé an t-achomharcóir ar an eolas faoin gcinneadh i scríbhinn, ag leagan amach na gcúiseanna leis an gcinneadh sin. Cuirtear an Roinn ar an eolas faoin gcinneadh chomh maith. Is cinneadh críochnaitheach agus dochloíte cinneadh Oifigigh Achomhairc, ach forálann Alt 10 den Acht gur féidir leis an Roinn nó leis an achomharcóir Athbhreithniú a lorg ar Chinneadh an Oifigigh Achomhairc i gcás ina gcreideann ceachtar páirtí go bhfuil earráid fhíorasach nó earráid dlí sa chinneadh.

Féadfaidh Oifigeach Achomhairc cinneadh a athbhreithniú ina dhiaidh sin má fheictear dó nó di go raibh an cinneadh earráideach de bharr fianaise nua nó fíricí nua a tugadh faoina aird ó dháta an chinnidh, nó má fheictear dó nó di go bhfuil aon athrú ábhartha tagtha ar imthosca ó tugadh an cinneadh.

Féadfaidh an Stiúrthóir Achomhairc Talmhaíochta cinneadh Oifigigh Achomhairc a athbhreithniú i gcás ina suítear go ndearnadh botún i ndáil leis an dlí nó le fíricí an cháis. Ní chuireann achomharc chuig an Oifig seo cosc ar achomharcóir a gcás a ardú le hOifig an Ombudsman.

Féadfaidh achomharcóir atá míshásta le cinneadh Oifigigh Achomhairc, nó le cinneadh athbhreithnithe an Stiúrthóra, achomharc a dhéanamh i gcoinne an chinnidh sin chuig an Ard-Chúirt ar aon cheist dlí.



# Torthaí Féideartha ar Achomhairc

D'fhéadfadh roinnt torthaí teacht as achomharc agus tá cur síos déanta orthu thíos.

## Achomharc Ceadaithe

Áirítear leis an gcatagóir seo cásanna ina gcinneann an tOifigeach Achomhairc, tar éis dó breithniú a dhéanamh ar chás a cuireadh i láthair, gur cheart cinneadh na Roinne a chur ar ceal. Leagfar amach sa chinneadh tuairim an Oifigigh Achomhairc maidir le teidlíocht an duine ar an Scéim.

## Achomharc Dícheadaithe

Áirítear sa chatagóir seo cásanna inar chinn Oifigeach Achomhairc, tar éis breithniú a dhéanamh ar an gcás agus ar an bhfaisnéis ábhartha go léir, nach gá an cinneadh ón Roinn a chur ar ceal mar gheall ar fhorais an achomhairc. Sa chás seo, tá an tOifigeach Achomhairc tar éis teacht ar an gconclúid chéanna leis an Roinn maidir le teidlíocht duine ar an Scéim.

## Ceadaithe go Páirteach

Áirítear sa chatagóir seo cásanna ina gcinneann Oifigeach Achomhairc gur chóir go mbeadh pionós/smachtbhanna níos lú nó athbhreithnithe ná an pionós a fhorchuireann an Roinn i bhfeidhm. Leagfar amach sa chinneadh tuairim an Oifigigh Achomhairc maidir le teidlíocht an duine ar an Scéim.

## Athbhreithnithe ag an Roinn

Áirítear sa chatagóir seo cásanna ina athbhreithnigh an Roinn a cinneadh bunaidh i bhfabhar an achomharcóra sular críochnaíodh an próiseas achomhairc. D'fhéadfadh faisnéis bhreise arna soláthar ag an achomharcóir don Oifig Achomhairc Talmhaíochta, faisnéis arna soláthar ag éisteachtaí ó bhéal agus/nó mar thoradh ar cheisteanna sonracha arna dtógáil ag an Oifigeach Achomhairc a bheith i measc na gcúiseanna le cinneadh a athbhreithniú.

## Neamhbhailí

Áirítear leis an gcatagóir seo achomhairc ar chúrsaí nach bhfuil oiriúnach don Oifig Achomhairc Talmhaíochta, mar shampla i gcás nach bhfuil scéim liostaithe i Sceideal 1 den Acht Achomhairc Talmhaíochta nó cásanna nárbh ann d'aon chinneadh ón Roinn a bhain leis an achomharc.

## As Am

Áirítear sa chatagóir seo achomhairc a fuarthas tar éis an spriocdháta trí mhí ó dháta chinneadh na Roinne, agus nach raibh aon imthosca eisceachtúla ann a thug údar don Stiúrthóir glacadh leis an achomharc déanach.

## Achomharc Tarraingthe Siar

Áirítear leis an gcatagóir seo cásanna ina dtarraingíonn achomharcóir siar achomharc i scríbhinn ag céim ar bith.

# Staitisticí 2024

## Treocht 10 mbliana

| Bliain | Achomhairc a Fuarthas | Achomhairc Dhúnta | Achomhairc Cheadaithe, Cheadaithe go Páirteach, Athbhreithnithe ag RTBM | Achomhairc Tarraingthe Siar, Neamhbhailí, As Am | Achomhairc Dhícheadaithe |
|---|---|---|---|---|---|
| **2024** | 483 | 636 | 43% | 13% | 44% |
| **2023** | 624 | 652 | 48% | 8% | 44% |
| **2022** | 638 | 930 | 44% | 16% | 40% |
| **2021** | 809 | 757 | 37% | 25% | 38% |
| **2020** | 760 | 358 | 39% | 11% | 52% |
| **2019** | 570 | 491 | 44% | 14% | 43% |
| **2018** | 556 | 506 | 40% | 14% | 47% |
| **2017** | 638 | 689 | 38% | 9% | 53% |
| **2016** | 598 | 600 | 42% | 13% | 46% |
| **2015** | 619 | 657 | 42% | 14% | 45% |
| **Meán** | **630** | **628** | **42%** | **14%** | **45%** |

## Achomhairc a dúnadh in 2024

### Toradh na nAchomharc Uile – 636 Dúnta




- **144** Achomharc Ceadaithe (23%)
- **37** Achomharc Ceadaithe go Páirteach (6%)
- **92** Achomharc Athbhreithnithe ag an Roinn (14%)
- **25** Achomharc Tarraingthe Siar (4%)
- **50** Achomharc Neamhbhailí (8%)
- **5** Achomharc As Am (1%)
- **283** Achomharc Dícheadaithe (44%)

# Achomhairc a Fuarthas de réir na Scéime



## Achomhairc a Fuarthas de réir Contae




## Miondealú ar na hAchomhairc Dhúnta go Léir in 2024



## Dícheadaithe



## Athbhreithnithe ag an Roinn



## Tréimhse Ama chun Doiciméid na Roinne a Fháil

Ar achomharc a fháil, iarrann Oifig Achomhairc Talmhaíochta ar an Roinn ráiteas agus na cáipéisí/an comhad ábhartha a sholáthar don Oifig laistigh de thrí seachtaine ón iarratas. Déantar é seo chun a chinntiú gur féidir achomhairc a leithdháileadh ar Oifigeach Achomhairc gan mhoill. Eisítear meabhrúcháin nuair is gá.

Ba é 23 lá an meánlíon laethanta chun an ráiteas agus na doiciméid a fháil ón Roinn i gcás achomhairc a fuarthas in 2024. Ba é 20 lá an meán in 2023. Leagtar amach thíos miondealú ar an meánlíon laethanta a thóg sé chun doiciméid chomhaid na Roinne a fháil ón dáta a fuarthas iarratas ón Oifig Achomhairc Talmhaíochta i gcás rogha scéimeanna (ní thagraíonn staitisticí sna samplaí thíos ach do rogha scéimeanna ina fuarthas níos mó ná 10 n-achomharc, agus doiciméid a cuireadh ar ais in 2024).

**Meánlíon laethanta le haghaidh doiciméid na Roinne a chur ar ais**



## Éisteachtaí ó bhéal reáchtáladh in 2024




As na 483 achomharc a fuarthas in 2024, d'iarr 339 achomharcóir éisteacht ó bhéal, go pearsanta nó ar líne. Níor iarr 144 achomharcóir éisteacht ó bhéal in 2024.

Reáchtáladh 335 éisteacht ó bhéal san iomlán i rith na bliana, agus reáchtáladh 309 díobh sin go pearsanta agus 26 díobh go cianda. Cuireadh 80 éisteacht (78 go pearsanta agus 2 cheann go cianda) a bhí sceidealaithe le reáchtáil in 2024 ar ceal/ar athló, bíodh sé sin mar gheall ar chinntí athbhreithnithe ón Roinn nó mar gheall ar iarratais ó achomharcóirí ina raibh an tOifigeach Achomhairc sásta go raibh cúis leordhóthanach ann chun iad a chur ar ceal.

### An tAm a thógtar chun Achomhairc a Chinneadh

Tá an Oifig Achomhairc Talmhaíochta tar éis sprioc trí mhí a leagan síos di féin chun achomharc a dhúnadh ón am a fhaightear doiciméid chomhaid na Roinne agus sannadh an achomhairc chuig Oifigeach Achomhairc go dtí go n-eisítear litir chinnidh achomhairc. Mar gheall ar chúinsí nach bhfuil smacht ag an Oifig Achomhairc Talmhaíochta orthu, d'fhéadfadh sé nach gcríochnófaí achomhairc laistigh den sprioc-achar ama sin. Ní hionann na cúiseanna le hachomhairc a dhúnadh lasmuigh den tréimhse trí mhí agus d'fhéadfadh moilleanna a bheith i gceist maidir le héisteachtaí ó bhéal a sceidealú, castacht cásanna, saincheisteanna dlíthiúla, am a thógann achomharcóirí agus/nó an Roinn chun filleadh le faisnéis bhreise a iarrtar, agus acmhainneacht acmhainní.

I gcás achomhairc a fuarthas agus a dúnadh in 2024, ba é 73 lá an meán-am a thóg sé ó dháta an tsannta go dtí dúnadh achomhairc, feabhas 35% ar an mbliain roimhe sin. Dúnadh 116 achomharc san iomlán laistigh den sprioc-achar ama trí mhí, sin méadú 21% ar an mbliain roimhe sin.

## Iarratais ar Athbhreithnithe ar Chinntí

Foráiltear sa reachtaíocht go bhféadfaidh an Stiúrthóir aon chinneadh ó Oifigeach Achomhairc a athbhreithniú más cosúil di go raibh an cinneadh earráideach mar gheall ar bhotún éigin a bheith déanta maidir leis an dlí nó leis na fíricí. Féadfaidh achomharcóir agus/nó an Roinn iarratas ar athbhreithniú den sórt sin ar chinneadh a chur isteach. Foráiltear sa reachtaíocht freisin go bhféadfaidh Oifigeach Achomhairc, tráth ar bith, athbhreithniú a dhéanamh ar chinneadh ó Oifigeach Achomhairc, má fheictear dó nó di go raibh an cinneadh earráideach i bhfianaise fianaise nua nó fíricí nua nó i gcás ina bhfuil aon athrú ábhartha ar chúinsí ó tugadh an cinneadh.

Fuair an Oifig Achomhairc Talmhaíochta 31 iarratas ar athbhreithniú ar chinntí Oifigeach Achomhairc in 2024, 25 díobh á n-iarraidh ag achomharcóirí agus 6 cinn ag an Roinn. Dúnadh 16 athbhreithniú in 2024. Bhain siad seo le hathbhreithnithe a fuarthas in 2024 agus sna blianta roimhe sin. As na 16 athbhreithniú a dúnadh, bhí 11 díobh á lorg ag achomharcóirí, agus 5 díobh ag an Roinn.

### Athbhreithnithe a Dúnadh in 2024

| Athbhreithniú arna iarraidh ag an | Athraithe/ Athbhreithnithe | Athraithe/Athbhreithnithe go Páirteach | Gan athrú (Seasadh leis an gcinneadh bunaidh) | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| **Achomharcóir** | 1 | 2 | 8 | 11 |
| **Roinn** | 2 | 0 | 3 | 5 |
| **Iomlán** | **3** | **2** | **11** | **16** |

## Dlíthíocht

Foráiltear leis an Acht um Achomhairc Talmhaíochta go bhféadfaidh achomharcóirí a gcás a achomharc chuig an Ard-Chúirt ar phointe dlí. Féadfaidh achomharcóirí iarratas a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt freisin chun imeachtaí Athbhreithnithe Bhreithiúnaigh a ghlacadh. Níor tionscnaíodh aon imeachtaí dlíthiúla Athbhreithnithe Bhreithiúnaigh in 2023 agus ó dheireadh na bliana ní raibh aon Athbhreithnithe Breithiúnacha gan réiteach.

## Achomhairc Oscailte ag Deireadh na Bliana 2024

Ba é 301 líon na n-achomharc a bhí fós oscailte ar an 31 Nollaig 2024.

| Achomhairc Oscailte amhail an 31 Nollaig 2024 | |
|---|---|
| **Tugtha anonn ó bhlianta roimhe seo** | 441 |
| **Faighte in 2024** | 483 |
| **Dúnta in 2024** | 636 |
| **Achomhairc ar Láimh an 31 Nollaig 2024** | 301 |

* Tá na staitisticí go léir ceart amhail Aibreán 2025.

# Iarratais ar Fhaisnéis

## Ceisteanna Parlaiminte

Fuair an Oifig Achomhairc Talmhaíochta 5 Cheist Pharlaiminte le haghaidh freagra i scríbhinn in 2024.

## Saoráil Faisnéise

Fuair an Oifig Achomhairc Talmhaíochta 4 iarratas faoi fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise in 2024.

## Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol

Ní bhfuair an Oifig Achomhairc Talmhaíochta aon iarratas ar Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol in 2024.

## Oifig an Ombudsman

Foráiltear leis an Acht Ombudsman 1980 (arna leasú) go bhféadfaidh achomharcóirí gearán a dhéanamh le hOifig an Ombudsman mura bhfuil siad sásta le gníomhartha a rinne an Oifig seo nó leis an gcaoi ar caitheadh leo maidir lena n-achomharc. Ní féidir le hOifig an Ombudsman athbhreithniú a dhéanamh ar chinneadh de chuid na hOifige Achomhairc Talmhaíochta ach d'fhéadfadh sí cabhrú le haon ábhair imní a d'fhéadfadh a bheith ag achomharcóirí le cleachtais riaracháin na hOifige Achomhairc nó leis an tseirbhís a fuair tú a réiteach. Is féidir teagmháil a dhéanamh le hOifig an Ombudsman ag 6 Ardán Phort an Iarla, Toghroinn Chaoimhín, Baile Átha Cliath 2. D02 W773 nó www.ombudsman.ie.

Rinne Oifig an Ombudsman an comhad achomhairc agus na doiciméid i leith 4 chás achomhairc a lorg in 2024. As na 4 chomhad achomhairc arna lorg ag an Ombudsman in 2024, cuireadh in iúl dúinn go dtí seo gur dhún an tOmbudsman 3 cinn de na cásanna seo, gan aon ghníomh breise ag teastáil ón Oifig Achomhairc Talmhaíochta.

# Gníomhaíochtaí Eile a Bhaineann le hAchomharc

## Sceideal na Scéimeanna

Leasaíodh Sceideal na Scéimeanna atá iarcheangailte leis an Acht um Achomhairc Talmhaíochta, 2001, chun scéimeanna breise a chur san áireamh chun go bhféadfaí achomhairc do na scéimeanna sin a chur faoi bhráid na hOifige Achomhairc (I.R. Uimh. 521 de 2023 Rialacháin um an Achta Achomhairc Talmhaíochta 2001 (Leasú ar an Sceideal)).

## An tAcht um Achomhairc Talmhaíochta (Leasú) 2024

Foilsíodh Tuarascáil ar Athbhreithniú an Achta Achomhairc Talmhaíochta, 2001 agus Oibríochtaí na hOifige Achomhairc Talmhaíochta i mí Feabhra 2018. Dheimhnigh an tuarascáil seo neamhspleáchas Oifig Achomhairc Talmhaíochta agus rinneadh sraith moltaí inti, agus ba é an ceann ba shuntasaí díobh ná Painéal Athbhreithnithe Talmhaíochta Neamhspleách a bhunú. Le linn 2023, cuireadh dréachtcheannteidil Bhille na nAchomharc Talmhaíochta (Leasú) 2024 le chéile, agus ritheadh an reachtaíocht le hachtú Acht na nAchomharc Talmhaíochta (Leasú) 2024 an 29 Deireadh Fómhair 2024. Foráiltear san Acht seo, i measc rudaí eile, do phainéal neamhspleách a bhunú chun athbhreithnithe a dhéanamh, agus tugann sé isteach teorainn ama sé mhí chun athbhreithniú a lorg. Is í príomhfheidhm an Phainéil Athbhreithniúcháin athbhreithnithe a dhéanamh ar chinntí Oifigeach Achomhairc bunaithe ar earráidí fíoras agus/nó dlí. Is feidhm í seo a chomhlíonann Stiúrthóir na nAchomharc Talmhaíochta faoi láthair.

Foráiltear san Acht um Achomhairc Talmhaíochta (Leasú) 2024 go mbeidh an Painéal Athbhreithnithe comhdhéanta de Chathaoirleach agus cúigear gnáthchomhaltaí, lena n-áirítear Stiúrthóir/Leas-Stiúrthóir na hOifige Achomhairc Talmhaíochta, agus beirt chomhaltaí ar a laghad a bhfuil eolas agus taithí phraiticiúil acu ar fheirmeoireacht.

Táthar ag súil go gcuirfear tús le feidhm na n-alt ábhartha den Acht um Achomhairc Talmhaíochta (Leasú) 2024 in 2025 de réir mar is gá, lena n-áirítear ceapachán an Chathaoirligh agus gnáthchomhaltaí an Phainéil Athbhreithnithe, agus déanamh na Rialachán gaolmhar.

## Córais TF

I mí Dheireadh Fómhair 2023, sheol an Oifig Achomhairc Talmhaíochta a saoráid ar líne chun Fógraí Achomhairc a chur isteach trí shuíomh gréasáin na hOifige Achomhairc Talmhaíochta ag www.agriappeals.gov.ie. Cuireadh 137 achomharc isteach san iomlán tríd an tsaoráid ar líne faoi dheireadh na bliana, suas ó 45 in 2023. Léiríonn sé seo méadú 204% i gcomparáid le 2023.

Ina theannta sin, leanann an Oifig ar aghaidh ag forbairt a córas inmheánach TF féin chun feabhas a chur ar thaifeadadh agus rianú achomharc.

## Plean Gnó

Bhí Plean Gnó 2024 mar bhunús le hobair na hOifige agus tá sé faoi réir athbhreithnithe rialta. Rinneadh monatóireacht rialta ar na spriocanna a bhí san áireamh sa phlean gnó.

# Samplaí d'Achomhairc a Cinneadh le linn 2024

| Scéim | Scéim Tacaíochta Fodair |
|---|---|
| **Éisteacht ó Bhéal** | Níor reáchtáladh Éisteacht ó Bhéal |
| **Príomhcheist** | **Iarratas déanach chun páirt a ghlacadh sa Scéim** |
| Forais Achomhairc arna gcur isteach ag an Achomharcóir | Deir an feirmeoir nach raibh sé ar an eolas faoi dháta deiridh na Scéime agus nach bhfuair sé an ghnáth-theachtaireacht SMS. Mar thoradh air sin, bhí sé déanach ag cur isteach iarratais chun páirt a ghlacadh sa Scéim. Chreid sé freisin go bhféadfadh sé iarratas a dhéanamh nuair a athosclófaí an Scéim i samhradh na bliana 2023. |
| Staid na Roinne | Ba ghá iarratais ar an Scéim a bheith curtha isteach ar líne trí chuntas Agfood faoin 5 Nollaig 2022 nó roimhe sin. Rinneadh an Scéim a athoscailt ó mhí Iúil go Meán Fómhair 2023 ionas gur féidir le rannpháirtithe reatha a limistéar talún a leasú agus ní chun go nglacfaí le hiarratais nua. Níor eisíodh teachtaireacht SMS toisc nach raibh an feirmeoir tar éis rogha a dhéanamh teachtaireachtaí den sórt sin a fháil. Ar an gcaoi chéanna, ní bhfuair an feirmeoir teachtaireacht SMS in 2022 ach chuir sé iarratas isteach laistigh den tréimhse riachtanach agus fuair sé an íocaíocht. |
| Breithniú ag an Oifigeach Achomhairc | Rinne an Roinn poiblíocht fhorleathan ar an Scéim agus sna meáin chumarsáide ábhartha. Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar thaifid na Roinne, bhíothas in ann a dheimhniú gur roghnaigh an feirmeoir gan teachtaireachtaí SMS a fháil in 2021 agus nár roghnaigh sé teachtaireachtaí a fháil arís go dtí 2023. Dá bhrí sin, ní bheadh teachtaireachtaí a bhain leis an Scéim faighte aige in 2022 ná in 2023. Tá sé de fhreagracht ar an iarratasóir iarratas a chur isteach laistigh den tréimhse ama ábhartha. |
| **Cinneadh** | **Achomharc Dícheadaithe** |

| Scéim | Beart Cúnaimh Eisceachtúil Mairteola (BEAM) |
|---|---|
| **Éisteacht ó Bhéal** | Reáchtáladh Éisteacht ó Bhéal |
| **Príomhcheist** | **Uimhir tréada an déileálaí a áireamh chun Níotráití a ríomh** |
| Staid na Roinne | Bhí oibleagáid ar rannpháirtithe táirgeadh nítrigine aoiligh beostoic bó a laghdú 5% don tréimhse bliana roghnaithe. Léiríonn taifid na Roinne go raibh uimhir thréada amháin nó níos mó ag an bhfeirmeoir le linn na tréimhse sin a bhí nasctha le huimhir thréada an iarratais BEAM. Nuair a cuireadh na sonraí ó uimhir an dá thréad le chéile, léiríonn na taifid gur sháraigh an feirmeoir an liúntas Níotráití. Ós rud é nár baineadh amach an laghdú 4%, cuireadh pionós 100% i bhfeidhm ar an íocaíocht BEAM. |
| Forais Achomhairc arna gcur isteach ag an Achomharcóir | Dúirt an feirmeoir gur uimhir thréada déileálaí a úsáideadh le haghaidh gnó easpórtála eallaigh a bhí sa dara huimhir thréada agus nár meascadh ainmhithe idir an dá thréad. Bhí an t-iarratas ar BEAM faoin ngnáth-uimhir thréada agus ní raibh i ngach comhfhreagras ón Roinn maidir le leibhéil nítrigine ach an gnáth-uimhir thréada luaite. |
| Breithniú ag an Oifigeach Achomhairc | Ní raibh i ngach comhfhreagras ón Roinn ach tagairt don ghnáthuimhir thréada agus léirigh siad uile go raibh an feirmeoir ag comhlíonadh na gceanglas laghdaithe Níotráití bó-ainmhithe. Ní raibh dóthain acmhainne ríomhaireachta ag córas BEAM chun uimhreacha tréada nasctha a aithint. Deimhníonn na taifid nach raibh aon mheascadh ainmhithe idir an dá uimhir thréada. Ar na cúiseanna seo, bhí ionchas dlisteanach ag an bhfeirmeoir go raibh siad ag bainistiú a dtáirgeadh níotráití agus ar an mbóthar ceart chun gealltanais BEAM a chomhlíonadh. |
| **Cinneadh** | **Achomharc Ceadaithe** |

| Scéim | Scéim Dreasachta Curaíochta |
|---|---|
| **Éisteacht ó Bhéal** | Reáchtáladh Éisteacht ó Bhéal |
| **Príomhcheist** | **Incháilitheacht Féarach Buan Íseal-Ionchuir** |
| Staid na Roinne | Bunaíodh an Scéim mar bheart éigeandála i gcomhthéacs ionradh na Rúise ar an Úcráin. D'ainmnigh an feirmeoir dáileacht talún ar a iarratas BPS 2022 mar Fhéarach Buan Ionchuir Íseal, agus mar eorna earraigh in 2023. Tá liosta de bharra a mheastar a bheith ina bhféarach agus ina mbarr neamhchuradóireachta chun críocha na Scéime ar fáil i Roinn 4.3 de Théarmaí agus Coinníollacha na Scéime. Níl Féarach Buan Íseal-Ionchuir liostaithe mar cheann de na barra atá incháilithe lena athrú go curadóireacht, agus fuarthas nach raibh an dáileacht talún incháilithe faoin Scéim. |
| Forais Achomhairc arna gcur isteach ag an Achomharcóir | Dúirt an feirmeoir gur féarthalamh a bhí sa dáileacht talún le fiche bliain anuas sular athraíodh go heorna earraigh í in 2023. Thagair sé do na Téarmaí agus Coinníollacha ina ndeirtear 'go leagtar amach thíos barra a mheastar a bheith ina bhféarach agus ina neamh-churadóireacht chun críocha na Scéime'. |
| Breithniú ag an Oifigeach Achomhairc | Chun aidhmeanna na Scéime a bhaint amach, shonraigh an Roinn na barra a mheastar a bheith ina 'bharra féarthalún neamhchuradóireachta' agus atá incháilithe le haghaidh athrú go barra curadóireachta ainmnithe. Níl aon léiriú ann go bhfuil gach barra a d'fhéadfaí a mheas mar 'féarach agus neamhchuradóireacht' san áireamh sa liosta. Tá na Téarmaí agus Coinníollacha sách sonrach maidir le sainmhíniú a thabhairt ar na barra atá incháilithe lena n-athrú agus níl Féarach Buan Íseal-Ionchuir san áireamh sa liosta. |
| **Cinneadh** | **Achomharc Dícheadaithe** |

| Scéim | Scéim Tacaíochta um Barra gan Buain |
| --- | --- |
| **Éisteacht ó Bhéal** | Reáchtáladh Éisteacht ó Bhéal |
| **Príomhcheist** | **Fíorú go raibh barra gan buain i láthair** |
| Staid na Roinne | Déantar cigireacht ar gach iarratas a fhaightear faoin Scéim chun a fhíorú go bhfuil barr gan buain ann. Aithníodh dhá dháileacht mar dháileachtaí neamhchomhlíontach toisc gur aimsigh an cigire go raibh na dáileachtaí talún bainte agus nach bhfuarthas aon bharra gan buain ann. |
| Forais Achomhairc arna gcur isteach ag an Achomharcóir | Mar gheall ar dhrochaimsir, níor cuireadh an barr go dtí tús mhí na Bealtaine. Lean triomach i mí an Mheithimh/Iúil agus ag an bpointe sin, tháinig moill ar an mbarr. Tar éis fiosrúcháin ón Roinn, rinneadh cigireacht ar an mbarr ag an am sin agus cuireadh isteach grianghraif gheo-chlibeáilte a dheimhnigh go raibh barr coirce ann. Ós rud é gur barr orgánach a bhí ann, cuireadh srian ar úsáid leasacháin etc. ag an bhfeirmeoir. D'fhás fiailí le fréamhacha fada agus ghabh siad an barr. Le gortghlanadh suntasach, bhí an barr réidh le baint. Mar sin féin, rinneadh trí iarracht é a bhaint i mí Mheán Fómhair ach theip orthu mar gheall ar dhrochaimsir. Faoi mhí na Samhna ní raibh an barr le feiceáil ach i bpaistí beaga. |
| Breithniú ag an Oifigeach Achomhairc | Dheimhnigh tuairiscí aimsire go raibh drochaimsir i láthair i rith an tséasúir buainte, rud a chuir cosc ar innealra dul isteach ar dháileachtaí talún. Ina theannta sin, rinne stoirmeacha le linn na tréimhse sin damáiste don bharra. Glactar leis gur bunaíodh agus gur bainistíodh an barr de réir na gcleachtas tráchtála is fearr laistigh de shrianta na gceanglas feirmeoireachta orgánaí. Ní raibh fianaise ar bith gur baineadh an barr. |
| **Cinneadh** | **Achomharc Ceadaithe** |

| Scéim | Scéim Feirmeoireachta Orgánaí |
|---|---|
| **Éisteacht ó Bhéal** | Níor reáchtáladh Éisteacht ó Bhéal |
| **Príomhcheist** | **Pionós as taifead neamhleor a choinneáil** |
| Staid na Roinne | De dheasca earráid chléireachais ag cleachtas tréidliachta feirmeora, cuireadh substaint thoirmiscthe ar fáil go mícheart don fheirmeoir orgánach. Tras-scríobhadh an earráid i dtaifid an fheirmeora agus aithníodh í le linn cigireachta, rud lenar bhain pionós 100%.<br>Ghlac an Roinn leis an míniú maidir le hearráid an chleachtais tréidliachta ina dhiaidh sin agus tarraingíodh siar an pionós 100%. Mar sin féin, thug an Roinn faoi deara an riachtanas chun taifid iomlána agus cruinne a choinneáil mar atá leagtha síos i dtagairtí iomadúla sna Rialacháin éagsúla lena rialaítear táirgeadh orgánach. Gearradh pionós 20% as taifead neamhleor a choinneáil i gcomhréir le hIarscríbhinn III den *Catalóg na Sáruithe* faoin gcatagóir i *Leibhéal 3: Neamhchomhlíonadh Criticiúil*. |
| Forais Achomhairc arna gcur isteach ag an Achomharcóir | Ba sa chleachtas tréidliachta a tharla an earráid i gceist  Nuair a aithníodh é, cuireadh an comhlacht rialaithe ábhartha ar an eolas faoi. Tá an pionós 20% thar a bheith dian i gcomhthéacs earráide a rinne soláthraí seirbhíse seachtrach. |
| Breithniú ag an Oifigeach Achomhairc | Leibhéal 3: Sainmhínítear Neamhchomhlíonadh Criticiúil mar *'sláine na hoibríochta, an táirge/na baisce nó an bhirt curtha i mbaol nó caillte go díreach ach is féidir é a aisghabháil'*.<br>Bhí an tOifigeach Achomhairc sásta gur eascair an earráid a tharla as sonraí a thras-scríobh go mícheart ag an gcleachtas tréidliachta, agus nár chomhlíon an earráid an sainmhíniú Leibhéal 3 sin. Ní raibh aon fhianaise ann a thabharfadh le fios go raibh an feirmeoir neamhchúramach i gcoitinne maidir le taifid a choinneáil ná go raibh tionchar ar bith ar shláine an táirge orgánaigh. Sa chomhthéacs sin, fuair an tOifigeach Achomhairc gur iomarcach an earráid sin a rangú mar earráid 'Leibhéal 3 – Criticiúil' agus gur cheart an cheist a mheas mar rud a thagann faoi raon feidhme 'Leibhéal 1 – Neamhchomhlíonadh beag' a shainmhínítear mar rud nach *'sláine an táirge i mbaol go díreach ach ní mór é a cheartú'*.<br>Cé go raibh ceanglas soiléir ann taifid chruinne a choinneáil, athrangaíodh an earráid i gceist mar 'Neamhchomhlíonadh beag'. |
| **Cinneadh** | **Achomharc Ceadaithe go Páirteach** |

| Scéim | Clár Éifeachtúlachta Carbóin Laonna |
|---|---|
| **Éisteacht ó Bhéal** | Reáchtáladh Éisteacht ó Bhéal |
| **Príomhcheist** | **Tionchar Athrú Téarmaí agus Coinníollacha ar Thagairt an Chláir** |
| Staid na Roinne | Faoi na Téarmaí agus Coinníollacha bunaidh a foilsíodh ar an 21 Márta 2023, bhí cead ag iontrálaithe nua Tagairt Cláir agus Tagairt Bhliantúil dá rogha féin a dhearbhú ag céim an iarratais. Roghnaigh úinéir an tréada Tagairt 100. Leasaíodh na Téarmaí agus Coinníollacha ar an 11 Bealtaine 2023 agus luadh iontu gur cheart don Tagairt Chláir a roghnaíonn an t-iontrálaí nua léiriú a dhéanamh ar líon na mbó diúil incháilithe a mheastar a bheadh lao incháilithe acu i mBliain 1 den Scéim. Chuir an Roinn in iúl don úinéir tréada gur laghdaíodh a Uimhir Thagartha go 63. Deir an Roinn go bhfuil sé de cheart ag an Aire na Téarmaí agus Coinníollacha a athrú agus gur uaslódáladh na Téarmaí agus Coinníollacha leasaithe chuig suíomh gréasáin na Roinne agus gur tugadh treoracha nuashonraithe ar an iarratas ar líne. |
| Forais Achomhairc arna gcur isteach ag an Achomharcóir | Deir an feirmeoir nach raibh sé ar an eolas faoin athrú sna Téarmaí agus Coinníollacha nuair a bhí sé ag cur isteach ar an Scéim. Shocraigh sé a Thagairt Chláir i gcomhréir leis na Téarmaí agus Coinníollacha bunaidh agus mar a leag an Roinn amach ag cruinnithe faisnéise. Ní raibh aon léiriú ar na Téarmaí & Coinníollacha maidir lena ndáta foilsithe agus ní raibh aon léiriú sa leagan ar an suíomh gréasáin gur leagan leasaithe a bhí ann.<br>Ní raibh aon chúis le hamhras a bheith ann go raibh leasú curtha san áireamh a bhain le Tagairt an Chláir a ríomh. |
| Breithniú ag an Oifigeach Achomhairc | Ní raibh an fhaisnéis a chuir an Roinn ar fáil comhsheasmhach idir na cruinnithe faisnéise, na T&Canna bunaidh agus na treoracha iarratais ar líne. Níor tugadh fógra leordhóthanach do pháirtithe leasmhara agus rinne an easpa leaganacha dátaithe de na Téarmaí & Coinníollacha deacair leasuithe a aithint. D'oibrigh feirmeoirí agus a gcomhairleoirí araon ar bhonn na faisnéise a cuireadh ar fáil ag na cruinnithe faisnéise agus ní raibh siad ar an eolas faoin leasú. |
| **Cinneadh** | **Achomharc Ceadaithe** |

| Scéim | Clár Éifeachtúlachta Carbóin Laonna |
|---|---|
| **Éisteacht ó Bhéal** | Reáchtáladh Éisteacht ó Bhéal |
| **Príomhcheist** | **Riachtanas go mbeadh go leor heicteár foráiste incháilithe ar iarratas BISS chun an MPA a mheaitseáil** |
| Staid na Roinne | Chun an íocaíocht iomlán a fháil, ní mór go mbeadh go leor heicteár foráiste dearbhaithe ag feirmeoir ar a BISS chun a Uaslimistéar Iníoctha (MPA) a mheaitseáil. Más lú ná 100% agus níos mó ná 80% é, íocfar an feirmeoir ar líon na heicteár atá á shealbhú aige. Mura bhfuil sé sin níos mó ná 80% dá MPA, ní eiseofar aon íocaíocht don bhliain áirithe sin. Sa chás seo, bhí níos lú ná 80% den fhoráiste incháilithe ag an bhfeirmeoir. Cé go raibh ráib fhoráiste agus tornapaí curtha mar idirbharr, ba é coirce earraigh an príomhbharr mar a dearbhaíodh ar iarratas BISS. Níl coirce incháilithe faoi SCEP agus dá bhrí sin, níor chomhlíon an feirmeoir an leibhéal riachtanach le haghaidh íocaíochta. |
| Forais Achomhairc arna gcur isteach ag an Achomharcóir | Cuireadh barr gabhála ráibe foráiste agus tornapa i mí Lúnasa 2023 faoi ACRES. Meastar gur barra foráiste iad seo i dTéarmaí agus Coinníollacha SCEP. Dá mbeadh cead ag na barra gabhála seo, bheadh an limistéar foráiste incháilithe méadaithe go dtí os cionn 80% agus bheadh íocaíocht éigin eisithe. |
| Breithniú ag an Oifigeach Achomhairc | Bhí an limistéar foráiste incháilithe mar a dearbhaíodh ar BISS 2023 faoi bhun 80% den MPA agus, dá bhrí sin, níor eisíodh aon íocaíocht. Cé gur aithnítear gur fhásadh ráib fhoráiste agus tornapaí mar bharra gabhála, níl siad seo liostaithe ar BISS 2023. Rinne an BISS coirce earraigh a thaifeadadh mar phríomhbharr, barr nach bhfuil incháilithe faoi SCEP. Deirtear go soiléir i dTéarmaí agus Coinníollacha SCEP go bhfuil ríomh an MPA bunaithe ar an limistéar foráiste mar a dhearbhaítear ar BISS. |
| **Cinneadh** | **Achomharc Dícheadaithe** |

| Scéim | Coinníollacht – SMR 1 |
|---|---|
| **Éisteacht ó Bhéal** | Reáchtáladh Éisteacht ó Bhéal |
| **Príomhcheist** | **Tobar a úsáidtear le haghaidh eastóscadh uisce gan a bheith cláraithe leis an nGníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil** |
| Staid na Roinne | Áirítear le SMR 1 rialuithe ar uisce dromchla úr agus screamhuisce a aistarraingt, lena n-áirítear astarraingtí ar an bhfeirm agus clár d’astarraingtí uisce a bhunú. Tar éis cigireachta, d’aithin an Roinn go raibh toirt an uisce a bhí á bhaint as Tobar ar an ngabháltas níos mó ná an tairseach 25 méadar ciúbach in aghaidh an lae agus nach raibh an Tobar cláraithe leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil. Ní shaorann easpa feasachta ar riachtanas duine ó fhreagracht as mainneachtain an ceanglas sin a chur i bhfeidhm. |
| Forais Achomhairc arna gcur isteach ag an Achomharcóir | Tugadh isteach an ceanglas chun Toibreacha a chlárú den chéad uair faoin BISS 2023 agus bhí sé sa *Lámhleabhar maidir le Ceanglais Coinníollachta*. Deir an t-achomharcóir nach bhfuair sé cóip den lámhleabhar agus nach raibh sé ar an eolas faoin riachtanas. Tá easpa eolais iomlán ar an riachtanas seo i measc an phobail feirmeoireachta agus is léiriú air sin an líon an-bheag de chlárúcháin Toibreacha. Seo an t-aon easnamh amháin a aimsíodh ag cigireacht iomlán ar Choinníollacht. Bhí athruithe suntasacha i gceist le tabhairt isteach an BISS agus scéimeanna nua eile in 2023 agus níor tugadh aird ar an riachtanas beag seo. |
| Breithniú ag an Oifigeach Achomhairc | Deirtear i dTéarmaí agus Coinníollacha BISS gur cheart na Téarmaí agus Coinníollacha a léamh i dteannta an *Lámhleabhair maidir le Ceanglais Coinníollachta*. Áirítear le SMR 1 rialuithe ar astarraingt uisce dromchla úr agus screamhuisce lena n-áirítear astarraingtí ar an bhfeirm agus an ceanglas chun tobair den sórt sin a chlárú agus tá na ceanglais seo leagtha amach go soiléir sa *Lámhleabhar maidir le Ceanglais Coinníollachta*. Ar an mbonn sin, níl aon fhoras ann chun cinneadh na Roinne a chur ar ceal. |
| **Cinneadh** | **Achomharc Dícheadaithe** |

| Scéim | TAMS II – Scéim Infheistíochta Caipitil Feirmeoirí Óga |
|---|---|
| **Éisteacht ó Bhéal** | Reáchtáladh Éisteacht ó Bhéal |
| **Príomhcheist** | **Ní chomhlíonann an meaisín a ceannaíodh cur síos an mheaisín a ndearnadh iarratas air faoin Scéim** |
| Staid na Roinne | Rinne an t-achomharcóir iarratas faoin Scéim chun meaisín stialldruile a cheannach. Tar éis éilimh ar íocaíocht, rinne an Roinn cigireacht ar an earra a ceannaíodh agus fuarthas amach nach raibh an t-earra ag teacht leis an tuairisc ar mheaisín stialldruile ach gur meaisín Druil Dhíreach a bhí ann. Ní raibh príomhreanna saothraithe ar an meaisín a ceannaíodh chun an stiall chúng ithreach ina gcuirfear an síol a shaothrú agus dá bhrí sin, níorbh féidir í a mheas mar meaisín stialldruile. |
| Forais Achomhairc arna gcur isteach ag an Achomharcóir | De réir an achomharcóra, cuireann an meaisín a ceannaíodh síol san ithir ar bhealach atá neamhdhíobhálach don chomhshaol agus comhlíonann sé cuspóir na scéime TAMS. Níl aon chúis shoiléir ann nach gcomhlíonann an meaisín an coinníoll ‘Curaíocht leis an gcur isteach íosta’. |
| Breithniú | Rinne an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (RTBM) nuashonrú ar Alt 5 den doiciméad S195 Sonraíocht Íosta haghaidh Innealra Curaíochta i mí na Samhna 2023 chun a shoiléiriú go ndéantar “meaisíní atá deartha sa chaoi is gur féidir leis an oibreoir iad a shocrú nó a choigeartú nó a mhodhnú mar mheaisín mhiondruile, druil dhíreach nó stialldruile, ag brath ar na himthosca a rangú mar mheaisíní miondruile le haghaidh deontais faoin scéim TAMS 3.” Léiríonn an soiléiriú atá san áireamh sa doiciméad nuashonraithe S195 go raibh easpa soiléireachta áirithe ann maidir le rangú innealra curaíochta atá deartha le bheith inchoigeartaithe i leagan Eanáir 2022 de S195. Is léir gur féidir an meaisín a ceannaíodh a choigeartú chun feidhmiú mar mheaisín stialldruile agus dá bhrí sin, go gcomhlíonann sé na ceanglais. |
| **Cinneadh** | **Achomharc Ceadaithe** |

# Moltaí le Breithniú ag an Roinn

## Cuid A: Moltaí a bhaineann le Gach Scéim

### Moladh 1: Téarmaí agus Coinníollacha

- Ba cheart go mbeadh Téarmaí agus Coinníollacha na Scéime soiléir agus gan débhrí agus ba cheart go mbeadh sainmhínithe agus ceanglais incháilitheachta soiléir.
- Maidir le scéimeanna ilbhliantúla, ba cheart don Roinn smaoineamh ar fheasacháin a eisiúint chuig rannpháirtithe maidir le céard is féidir a bhaint amach sa bhliain scéime amach romhainn.

### Moladh 2: Admháil Uathoibríoch

Faigheann an Oifig seo líon suntasach achomharc inar chreid an feirmeoir gur cuireadh iarratas ar líne isteach, ach i ndáiríre, níor cuireadh aon iarratas isteach. Molaimid:

- Deimhniú Uathoibríoch Admhála a sheoladh chuig ríomhphost an fheirmeora/ghníomhaire ag deimhniú gur cuireadh iarratas isteach.
- I gcás ina bhfuil rannpháirtíocht i scéim bunaithe ar fhógra chuig Úinéir Tréada, ba cheart an fógra sin a eisiúint tríd an bpost cláraithe – nó a uaslódáil chuig Agfood agus téacsteachtaireacht ag gabháil leis ag cur an fheirmeora ar an eolas faoi litir nua.

Mar shampla, ceanglaítear ar ainmhithe nua atá ag teacht isteach i Scéim na Limistéar faoi Shrianta Nádúrtha íosleibhéil stoic a chomhlíonadh ‘laistigh de 10 lá óna n-uimhir thréada a fháil’. Ós rud é nach bhfuil litreacha cláraithe, níl aon bhealach ann chun an dáta a eisíodh/a fuarthas an litir seo a fhíorú.

### Moladh 3: Admháil ar Chinntí Achomhairc

- Molann an Oifig seo go gcuirfeadh an Roinn achomharcóir ar an eolas, tar éis dó Cinneadh Achomhairc a fháil, faoi na chéad chéimeanna eile ar féidir leis a bheith ag súil leo.

### Moladh 4: Córas Monatóireachta Ceantair

- Ba cheart go mbeadh sonraí na fianaise a fuarthas ar thalamh i leith fionnachtana “gan aon ghníomhaíocht talmhaíochta” san áireamh i dtuarascálacha cigireachta ar incháilitheacht talún, mar shampla, tuairiscí ar fhásra, rochtain ar dháileachtaí, fianaise ar ainmhithe i láthair nó gan a bheith i láthair, úsáid grianghraf agus léarscáileanna geo-chlibeáilte i gcás inarb infheidhme atá soiléir ó thorthaí na cigireachta.

### Moladh 5: Litreacha Cinnidh na Roinne

- I ngach cás, ba cheart go luafaí go soiléir i bhfógraí pionóis agus litreacha cinnidh lena gcuirtear smachtbhannaí i bhfeidhm ainm na Scéime, na Téarmaí agus Coinníollacha, an bhliain ábhartha, agus/nó na Sonraíochtaí faoina gcuirtear an pionós/smachtbhanna i bhfeidhm, agus ba cheart go mbeadh an ceanglas ar an lucht cinnteoireachta na cúiseanna a ghabhann leis na cinntí a thabhairt chomh maith.

- Ba cheart go sonrófaí i dtuarascálacha rialaithe gach cás neamhchomhlíonta a aimsítear agus nach bhfágfaí aon seans míthuiscint a bheith ann, mar shampla, an suíomh agus aon achar nó faid ábhartha a léiriú go soiléir.

## Moladh 6: Comhpháirtíochtaí Feirme/Cuideachtaí Teoranta

- Ní eintiteas dlíthiúil í comhpháirtíocht feirmeoireachta ach ina ionad sin is comhpháirtíocht í de dhaoine aonair ar eintitis dhlíthiúla iad. D'fhéadfadh an Roinn smaoineamh ar shoiléiriú a chur isteach i dTéarmaí agus Coinníollacha ábhartha na Scéime maidir leis an gceist seo.

- Is eintiteas dlíthiúil í cuideachta theoranta. Ba chóir feirmeoirí atá ag athrú ó thrádálaithe aonair go cuideachtaí teoranta a chur ar an eolas faoi na ceanglais chun teidlíochtaí agus conarthaí scéime ilbhliantúla a aistriú chuig an eintiteas dlíthiúil / duine dlíthiúil nua.

## Moladh 7: Trastuairisciú Tras-Chomhlíonta ó Údaráis eile

- Ba chóir don Roinn smaoineamh ar ábhar áirithe a lorg ó thrastuarascálacha ó údaráis eile cosúil le cur síos tuairisciúil, fianaise ghrianghrafach gheoichlibeáilte, mar aon le measúnú faoi gach ceann de na fachtóirí seo a leanas - déine, méid, tréimhse agus atarlú. Ba chóir a léiriú freisin cibé acu atá nó nach bhfuiltear ag glacadh leis an sárú is ábhar don tuarascáil mar shárú d'aon turas nó faillíoch agus ba cheart na cúiseanna atá leis an gcinneadh sin a leagan amach freisin.

## Moladh 8: Force Majeure / Cúinsí Eisceachtúla

- Ba cheart don Roinn na forálacha maidir le force majeure agus/nó imthosca eisceachtúla a leagan amach go soiléir sna coinníollacha is infheidhme maidir le gach scéim, i gcás inarb ábhartha.



## Cuid B: Moltaí chuig an Roinn maidir le Scéimeanna Aonair

### Moladh 9: Scéimeanna Nuachóirithe Talmhaíochta Spriocdhírithe (TAMS 3)

Bhí líon suntasach achomharc chuig an Oifig seo mar gheall ar fhianaise gur cuireadh tús le hobair infheistíochta sular cheadaigh an Roinn an t-iarratas. Moltar na nithe seo a leanas nuair a dhéantar an t-iarratas a phróiseáil ar dtús:

- Seoltar litir chuig an bhfeirmeoir chun é/í a chur ar an eolas faoi cé chomh tábhachtach is atá sé gan obair a thosú, go háirithe ar infheistíochtaí seasta, sula n-eiseofar cead.
- Ba chóir an treoir seo a bheith i gcorp na litreach i gcló trom.
- D'fhéadfaí sáruithe achrannacha eile a áireamh chomh maith, amhail íocaíochtaí airgid thirim.

Ní mór íoc as sócmhainn ina hiomláine, óna gcuntas bainc féin, agus ní mór úinéireacht agus seilbh iomlán na sócmhainne a bheith aistrithe chuig an iarratasóir sula gcuirtear an t-éileamh íocaíochta ar chúnamh deontais isteach.

- Is féidir aghaidh a thabhairt air seo trí cheisteanna díreacha a chur ag céim an éilimh íocaíochta agus aird a tharraingt air sin ar an litir cheadaithe deontais.
- Ba cheart smachtbhannaí a bheith cinntitheach nuair a leagtar amach iad sna Téarmaí agus Coinníollacha, agus téarmaíocht amhail 'féadfaidh' a sheachaint agus ráta nó leibhéal an smachtbhanna á shonrú.
- Ba cheart don Roinn i gcónaí, agus aird á tabhairt ar na Téarmaí agus Coinníollacha a sáraíodh agus/nó ar Sceideal Pionóis na scéime, bunús an smachtbhanna a cuireadh i bhfeidhm a luadh. Mar shampla, i gcás nár aistríodh úinéireacht iomlán earra chuig an iarratasóir roimh an éileamh íocaíochta agus nach n-íocfar aon chúnamh deontais, ba cheart an smachtbhanna a shonrú sa Sceideal Pionóis.
- D'fhéadfaí bosca dialóige a chur san áireamh ag céim an iarratais a deir go bhfuil an t-iarratasóir ar an eolas faoi na ceanglais chuntais bhainc agus na ceanglais maidir le tosú.

### Moladh 10: Scéim Ioncaim Chomhlántaigh d'Fheirmeoirí Óga (CIS-YF)

Éiríonn líon suntasach achomharc nuair a dhiúltaítear d'iarratais mar gheall ar mhainneachtain iarratasóirí smacht airgeadais agus bainistíochta a léiriú, i gcomhréir le Téarmaí agus Coinníollacha CIS-YF.

- Ba chóir d'fheirmeoirí a bheith soiléir nach bhfuil aon tréimhse idirthréimhseach ann, agus iad ag bogadh ó chuntas bainc comhpháirteach go cuntas bainc nua, áit a n-ainmnítear Feirmeoir Óg.
- D'fhéadfaí bosca dialóige a chur san áireamh ag céim an iarratais a deir go bhfuil an t-iarratasóir ar an eolas faoi na ceanglais chuntais bhainc chun Rialú Airgeadais agus Bainistíochta a léiriú.

### Moladh 11: Clár Éifeachtúlachta Carbóin Laonna (SCEP)

Faigheann an Oifig Achomhairc Talmhaíochta líon mór achomharc SCEP faoi láthair. Bheadh sé ina bhuntáiste dá mbeadh na nithe seo a leanas san áireamh sa litir athbhreithnithe:

- Mínithe soiléire agus iarratas feirmeora ar athbhreithniú á dhiúltú, ina leagtar amach na cúiseanna sonracha le neamh-incháilitheacht.
- Tagairtí do chritéir scéime ábhartha, rud a chabhraíonn le feirmeoirí tuiscint a fháil ar an gcaoi ar thángthas ar an gcinneadh.
- Cur síos maidir le cén fáth nár leor an fhaisnéis a cuireadh ar fáil san iarratas ar athbhreithniú ionas go bhféadfadh

an t-iarratasóir tuiscint a fháil ar na heasnaimh a bhí ann ina n-aighneacht.

Chuirfeadh an cur chuige seo feabhas ar chumarsáid, laghdódh sé achomhairc neamhriachtanacha, agus chabhródh sé le feirmeoirí cinntí eolasacha a dhéanamh.

## Moladh 12: Scéim Tuilte Chalaí na Sionainne

Bhí ról lárnach ag suíomh i gcinneadh cúitimh do scéim Thuilte Chalaí na Sionainne.

I gcás scéimeanna tacaíochta talmhaíochta amach anseo ina bhfuil suíomh na dáileachta ina ghné chinntitheach maidir le hincháilitheacht, bheadh sé tairbheach dá bhféadfadh an Roinn sonraí geografacha beachta a sholáthar faoin limistéar incháilithe ainmnithe. D'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith san áireamh:

- Léarscáileanna teorann soiléire le comhordanáidí.
- Liosta bailte fearainn nó réigiún incháilithe atá inrochtana go poiblí.
- Uirlis dhigiteach inar féidir le feirmeoirí sonraí a ndáileachtaí a ionchur chun incháilitheacht a fhíorú.

Laghdódh an cur chuige seo mearbhall, chuirfeadh sé cosc ar mhíthuiscintí, agus chabhródh sé le feirmeoirí brath níos eolaí agus níos suaimhní. Chuirfeadh sé feabhas ar an bpróiseas iarratais agus laghdódh sé an t-ualach riaracháin chomh maith.

## Moladh 13: Iarratas ar Scéim ACRES

Fuair roinnt iarratasóirí go raibh siad neamh-incháilithe do ghníomhartha áirithe mar gheall ar an rogha 'anuas' mícheart a roghnú le linn an phróisis iarratais ar líne.

- D'fhéadfaí 'córas rabhaidh ionsuite' a chur i bhfeidhm, rud a chuirfeadh rabhadh i láthair nuair a roghnaítear gníomh, ag béimniú an ghnímh roghnaithe agus ag lorg deimhniú go bhfuil sé i gceart.
- Cinnteoidh an chéim seo go roghnófar Gníomhartha níos cruinne agus go laghdófar earráidí sa phróiseas iarratais.
- Má roghnaítear Gníomh ach mura gcomhlíontar an tairseach íosta limistéir riachtanach don Ghníomh sin, ba cheart don chóras cosc a chur ar an iarratas a chur isteach go dtí go réiteofar an cheist.

Ba chóir d'fheirmeoirí a bheith ar an eolas gur féidir leis an gCóras Monatóireachta Limistéir (AMS) na nithe seo a leanas a bhrath:

- Gan aon fhianaise ar Bhia Éan Geimhridh ACRES – comhartha nach bhfuil bunú barra Bia Éan Geimhridh braite ag an AMS.

Is minic a dhéantar achomharc ina choinne seo – ba chóir d'fheirmeoirí monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar a gcuid dáileachtaí Bia d'Éin Fhiáine chun pionós a sheachaint.

## Moladh 14: Limistéir faoi Shrianta Nádúrtha

Ós rud é nach dócha go mbeadh feirmeoirí gníomhacha a bhfuil talamh cháilitheach acu ag iarraidh iad féin a eisiamh d'aon ghnó ón Scéim um Limistéir faoi Shrianta Nádúrtha, tugtar faoi deara go bhfuil an méid seo a leanas i gceist le córas iarratais BISS anois:

- I gcás feirmeoirí a bhí páirteach sa scéim roimhe seo agus a dhearbhaigh talamh faoi mhíbhuntáiste incháilithe, tugtar bosca rabhaidh chun iad a chur ar an eolas, ag comhairliú dóibh go bhfuil siad eisiata ón Scéim um Limistéir faoi Shrianta Nádúrtha, más earráid í seo agus más mian leo páirt a ghlacadh sa Scéim.
- Déanann rannóg na Scéime um Limistéir faoi Shrianta Nádúrtha teagmháil phearsanta chomh maith le gach feirmeoir a bhí sa Scéim roimhe seo, agus nár roghnaigh Limistéir faoi Shrianta Nádúrtha sa scéim reatha, chun a fhíorú an ndearnadh earráid.

# Moltaí le Breithniú ag Iarratasóirí Scéime

## Cuid A: Moltaí d'Iarratasóirí: Saincheisteanna Ginearálta

### Moladh 1: Téarmaí agus Coinníollacha

- Tá sé tábhachtach go mbeadh iarratasóirí go hiomlán ar an eolas faoi Théarmaí agus Coinníollacha agus Treoirlínte na Scéimeanna sula gcuireann siad a n-éilimh isteach.

Ceanglaítear ar Oifigeach Achomhairc cloí le Téarmaí agus Coinníollacha scéime agus le haon reachtaíocht ábhartha agus cinneadh á dhéanamh aige/aici ar achomharc.

I gcás go mbíonn feirmeoirí neamhchinnte, ba cheart dóibh smaoineamh ar chomhairleoir gairmiúil nó duine inniúil eile a fhostú chun cabhrú leo rialacha agus ceanglais na scéime a thuiscint.

### Moladh 2: Stádas Dlíthiúil an Iarratasóra

- Trádálaí aonair, Comhpháirtíocht Feirme Cláraithe, Cuideachta Theoranta, nó eintiteas eile: Is féidir impleachtaí suntasacha a bheith ag athrú eintitis do chonarthaí ilbhliantúla agus do theidlíochtaí BISS agus ba cheart soiléiriú a dhéanamh i gcónaí leis na rannóga ábhartha den Roinn sula ndéantar aon athruithe.
- I gcás ina n-úsáideann feirmeoir gníomhaire chun iarratas a thaisceadh, ba cheart leagan clóite bunachar sonraí den iarratas a cuireadh isteach a lorg roimh an dáta deiridh chun an t-iarratas a chur isteach. Ba chóir do ghníomhairí/feirmeoirí gabhálacha scáileáin dá n-iarratas a choinneáil, go háirithe i gcás nach n-eiseofar ríomhphost deimhnithe uathoibríoch.

### Moladh 3: Ceanglais Coinníollachta

Leagann an choinníollacht síos na ceanglais bhunlíne d'fheirmeoirí atá ag fáil íocaíochtaí an Chomhbheartais Talmhaíochta (CBT) agus cuireann sí ionad na gceanglas 'tras-chomhlíonta' sa CBT roimhe seo.

- Ba chóir d'iarratasóirí iad féin a chur ar an eolas faoi riachtanais na Coinníollachta, arb é atá ann Ceanglais Reachtúla Bainistíochta agus Dea-Riocht Talmhaíochta agus Comhshaoil (GAEC) i leith uisce, ithreach agus bithéagsúlachta éiceachóras.
- Ní mór do gach feirmeoir cloí le ceanglais dhlíthiúla na Rialachán maidir le Níotráití. Ba chóir d'fheirmeoirí a bheith ar an eolas i gcónaí faoi na ceanglais stórála a bhaineann le méid a dtréada agus a chinntiú go gcomhlíonann siad na ceanglais go hiomlán. Tá sé seo thar a bheith tábhachtach i gcás ina bhfuil méid an tréada ag méadú.
- Ba chóir d'fheirmeoirí Maolaithe Níotráití a bheith ar an eolas i gcónaí faoi na ceanglais shonracha atá orthu in ionad an teorainn níos airde nítrigine orgánaí a chuirtear ar fáil dóibh. Ó 2022 i leith, ní bheidh cead ag feirmeoirí Maolaithe Níotráití nach gcomhlíonann na ceanglais go léir in aon bhliain amháin iarratas a dhéanamh ar an Maolú Níotráití sa bhliain dár gcionn.
- Ba chóir d'fheirmeoirí a bheith ar an eolas faoi na hathruithe ar luachanna Nítrigine Orgánaí is infheidhme maidir le beostoc, lena n-áirítear bandáil ba déiríochta, agus a chinntiú go bhfuil siad ag feirmeoireacht laistigh de na teorainneacha is infheidhme faoi réir na rátaí athbhreithnithe seo

## Moladh 4: Sáruithe Coinníollachta faoi Scéimeanna Cholún 2

Ba chóir go mbeadh feirmeoirí ar an eolas faoi impleachtaí iomlána sáruithe ar choinníollachtaí. Cuirtear pionóis choinníollacha i bhfeidhm maidir le híocaíochtaí eile atá bunaithe ar achar freisin - BISS, CRISS, ECO, ACRES, Scéim Feirmeoireachta Orgánaí, SCEP, SIS etc. agus is féidir impleachtaí suntasacha a bheith ag pionóis choinníollacha áirithe. Mar shampla:

- Scéim Feirmeoireachta Orgánaí: gearrfar pionós 100% ar íocaíochtaí má sháraítear an teorainn 170 Kg/ha N.
- ACRES: d'fhéadfadh sé go measfaí gníomh a bheith neamh-incháilithe le haghaidh íocaíochta mar a leagtar amach i dTéarmaí agus Coinníollacha ACRES mar gheall ar sháruithe áirithe ar choinníollacha.

## Moladh 5: Spriocdháta chun achomharc a chur isteach agus an Tairseach achomhairc ar líne

- Ní mór achomhairc a dhéanamh laistigh de 3 mhí ón dáta a tugadh fógra faoin gcinneadh ón Roinn a bhfuil an t-achomharc á dhéanamh ina coinne. I gcás nach féidir an tréimhse seo a chomhlíonadh mar gheall ar chúinsí eisceachtúla, is féidir cás a chur faoi bhráid an Stiúrthóra lena bhreithniú.

Tá tairseach ar líne ar fáil anois chun achomharc a chur isteach ar líne ag www.agriappeals.gov.ie agus éilíonn sé go n-uaslódálfar an cinneadh atá an t-achomharc á dhéanamh ina choinne.



## Cuid B: Moltaí d'Iarratasóirí: Scéimeanna Aonair

### Moladh 6: Scéim Ioncaim Chomhlántaigh d'Feirmeoirí Óga (CIS-YF)

Leagtar amach Pionóis CIS-YF ar leathanach 99 de Théarmaí agus Coinníollacha BISS:

'I gcás ina meastar nach bhfuil an t-iarratasóir ag comhlíonadh ceanglais incháilitheachta na Scéime tar éis seiceála ar an láthair, déanfar é a eisiamh ó chúnamh a fháil don bhliain Scéime lena mbaineann.' Ina theannta sin, cuirfear pionós 100% i bhfeidhm a ríomhfar ar bhonn na híocaíochta a bheadh faighte ag an iarratasóir sa bhliain Scéime lena mbaineann.

Éiríonn líon suntasach achomharc nuair a dhiúltaítear d'iarratais mar gheall ar mhainneachtain iarratasóirí smacht airgeadais agus bainistíochta a léiriú, i gcomhréir le Téarmaí agus Coinníollacha CIS-YF.

- Ba chóir d'fheirmeoirí a bheith soiléir nach bhfuil aon tréimhse idirthréimhseach ann, agus iad ag bogadh ó chuntas bainc comhpháirteach go cuntas bainc nua, áit a n-ainmnítear Feirmeoir Óg.

### Moladh 7: Scéimeanna Nuachóirithe Talmhaíochta Spriocdhírithe (TAMS)

- Níor cheart d'iarratasóir éileamh íocaíochta a chur isteach ach amháin tar éis an íocaíocht iarbhír a dhéanamh, agus ba cheart d'iarratasóirí a bheith ar an eolas i gcónaí go bhféadfadh ráitis bhainc, seiceanna/íocaíochtaí leictreonacha etc. a lorg le linn cigireachtaí/bailíochtú éileamh, sa bhreis ar shonraisc, chun a chinntiú nár cuireadh an t-éileamh íocaíochta TAMS isteach ach amháin tar éis don earra a bheith faoi úinéireacht iomlán agus íoctha go hiomlán.
- Ba chóir d'iarratasóirí a bheith ar an eolas freisin nach meastar gur íocaíocht incháilithe iad seiceanna iar-dhátaithe, tar éis dháta an éilimh íocaíochta.

### Moladh 8: Scéim Feirmeoireachta Orgánaí (OFS)

- Tá an t-iarratasóir lánfhreagrach as a gceadúnas agus a stádas orgánach a choinneáil, níl aon ról reachtúil ag an Oifigeach Achomhairc maidir le ceadúnas orgánach a cheadú nó a tharraingt siar.
- Caithfidh rannpháirtithe OFS a bheith ar an eolas go gciallódh tarraingt siar an cheadúnais orgánaigh ag an Roinn nó ag an gComhlacht Deimhniúcháin Orgánach, NÓ ligean dá gceadúnas orgánach dul in éag, laistigh de théarma conartha OFS go gcuirfear deireadh leis an Scéim agus go n-aisghabhfar an cúnamh go léir a íocadh.
- Tá an Oifig seo tar éis a thabhairt faoi deara go bhfuil tuairim ann go bhfuil maolú ó na caighdeáin orgánacha ann le linn na tréimhse tiontaithe 2 bhliain roimh Stádas iomlán siombail orgánach a bhaint amach. Ba chóir d'iarratasóirí a bheith ar an eolas nach bhfuil aon Mhaolú ann. Is tréimhse coigeartaithe í an tréimhse Tiontaithe do thalamh/ainmhithe etc. agus aithnítear na costais a bhaineann léi san OFS.
- Ba cheart go mbeadh sé soiléir sna Téarmaí agus Coinníollacha Orgánacha nach bhfuil aon mhaolú ar na Caighdeáin Orgánacha le linn na tréimhse Tiontaithe.

### Moladh 9: Limistéir faoi Shrianta Nádúrtha

- Ba chóir d'iarratasóirí iad féin a chur ar an eolas faoi na ceanglais maidir le dlús stocála, fiú i gcás srianta tréada.
- Ba chóir go mbeadh gach iarratasóir ar an eolas faoi luachanna nua aonad beostoic atá i bhfeidhm ó thús 2023, agus go bhfuil luachanna aonad beostoic laghdaithe i gcás catagóirí áirithe ainmhithe.

- Ba chóir d’fheirmeoirí caorach agus gabhar a bheith airdeallach agus a nDaonáireamh Caorach/Gabhar á sheoladh ar ais agus a chinntiú go bhfuil a gcláir thréada cothrom le dáta.

Ba chóir d’iarratasóirí Scéim na Limistéar faoi Shrianta Nádúrtha a chinntiú go ndéanann siad:

- Iarratas a dhéanamh (bí cúramach gan an tic a bhaint den ‘bhosca tic’)
- Dlús stocála bliantúil meánach a chomhlíonadh
- Tréimhse choinneála stoic a choinneáil 28 seachtaine as a chéile

## Moladh 10: Teidlíochtaí Íocaíochta BISS

- Ba cheart d’fheirmeoirí bearta iomchuí a dhéanamh chun a chinntiú go n-úsáidtear aon teidlíochtaí a léasaíonn siad go hiomlán i gcomhréir le ceanglais na scéime. Ba chóir d’fheirmeoirí a bheith ar an eolas i gcónaí faoi na ceanglais a bhaineann le teidlíochtaí agus mura bhfuil siad cinnte, ba chóir dóibh comhairle agus/nó eolas a lorg.



# Aguisín A: Cairt Eagrúcháin na hOifige Achomhairc Talmhaíochta

**Stiúrthóir:**

Lynda O'Regan

**Leas-Stiúrthóir:**

Pat Coman*

Siobhán Casey

**Oifigigh Achomhairc Talmhaíochta**

Claire Kennedy
Guy Mahon
Bernadette Murphy
Luke Sweetman***
Francis Dowling
Liam Kinsella
Michelle McNamara
Jim Gallagher
Dan Molloy
Vincent Upton***
Mary Lawlor

**Dobharshaothrú Riarachán**

Treasa Langford (POC)

**Achomhairc Talmhaíochta agus Foraoiseachta**

**Riarachán**

Ruth Kinehan (POC)

**Achomhairc um Dhobharshaothrú Riarachán**

Mary Hegarty (POC)**
Ciar O'Toole (AOF)*
Maragret Carton (AOF)
Michelle Moloney (AOF)**
Fergus Donegan (OF)
Brona Leonard (OC)
Majella Murphy (OC)

**Achomhairc um Dhobharshaothrú Riarachán**

Michael Ryan (AOF)
Marie Dobbyn (OF)
Jacyntia Carroll (OC)
Brian Kealy (OC)
Rachael Conlon (OC)
Heather Dunphy (OC)

**Achomhairc um Dhobharshaothrú Riarachán**

Vanessa Healy (OF) *
Aedin Doran (OF)
Roisin Moore (OC)

* D'fhág an Oifig Achomhairc Talmhaíochta in 2024
** Chuaigh sé isteach san Oifig Achomhairc Talmhaíochta in 2024
*** Ball den Choiste Achomhairc Foraoiseachta chomh maith

# Aguisín B: Reachtaíocht Rialaitheach

## Reachtaíocht Phríomha

Is iad seo a leanas na príomhghnéithe a rialaíonn obair Oifig Achomhairc Talmhaíochta: Uimhir 29 de 2001. An tAcht um Achomhairc Talmhaíochta, 2001

## Leasuithe ar an Acht um Achomhairc Talmhaíochta 2001

Uimhir 33 de 2004. An tAcht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin) 2004, ag leasú an Achta um Achomhairc Talmhaíochta 2001

Uimhir 15 de 2013. An tAcht um Shláinte agus Leas Ainmhithe 2013 Uimhir 31 de 2014.An tAcht Foraoiseachta, 2014

Uimhir 15 de 2020.An tAcht Foraoiseachta (Forálacha Ilghnéitheacha) 2020

Uimhir 38 de 2024.An tAcht um Achomhairc Talmhaíochta (Leasú) 2024

## Ionstraimí Reachtúla ábhartha agus is déanaí

IR Uimh. 193/2002 - Na Rialacháin um Achomhairc Talmhaíochta 2002

IR Uimh. 219/2017 - Rialacháin an Achta um Achomhairc Talmhaíochta 2001 (Leasú ar an Sceideal) 2017

IR Uimh. 68/2018 - Rialacháin an Choiste um Achomhairc Foraoiseacht 2018

IR Uimh. 418/2020 - Rialacháin an Choiste um Achomhairc Foraoiseacht 2020

IR Uimh. 353/2021 - Rialacháin an Achta um Achomhairc Talmhaíochta 2001 (Alt 14A) 2021

IR Uimh. 423/2023 - Rialacháin an Achta um Achomhairc Talmhaíochta 2001 (Alt 14A) 2023

IR Uimh. 521/2023 - Rialacháin an Achta um Achomhairc Talmhaíochta 2001 (Leasú ar an Sceideal) 2023

IR Uimh. 369/2024 - Rialacháin an Achta um Achomhairc Talmhaíochta 2001 (Leasú ar an Sceideal) 2024

Tá cóipeanna den reachtaíocht uile ar fáil ar shuíomh gréasáin Ríomhleabhar Reachtanna na hÉireann **www.irishstatutebook.ie**.

Deartha ag Mochua Print & Design | www.mochuaprint.ie

Úsáideadh íomhánna stoic ó www.freepik.com

An Oifig Achomhairc
Talmhaíochta Cúirt Choill
Mhinsí
Port Laoise
Co Laoise
R32 DTW5

(057 ) 863 1900